Polasaí Folláine

Coláiste Íde

Réamhráiteas

Socraíodh polasaí a chur le chéile i 2016/ 2017. Bhí an múinteoir Ealaíne, an múinteoir Eacnamaíocht Bhaile, an príomhoide tánaisteach agus an príomhoide ar an gcoiste.

Scóp

Baineann an polasaí seo le gach scoláire i gColáiste Íde.

Gaol le Ráiteas Misin agus Éiteas Choláiste Íde

Ta dlúth cheangal idir an cód seo agus éiteas na scoile mar atá leagtha síos ag Iontaobhaithe Choláiste Íde sa Ráiteas Misin.

Is é príomh aidhm Coláiste Íde ná "forbairt an duine ina iomláine". Is é an brí atá le seo ná forbairt ar gach gné de shaol an duine - sóisialta, spioradálta, cruthaitheach, intleachtúil, aeistéiticiúil, fisiciúil agus morálta.

Réasúnacht

Creidimid i gColáiste Íde gur gné tábhachtach d'oideachas an folláine. Múineann sé scileanna don dalta a ullmhaíonn í don saol – neamhspleáchas, chomh-oibriú, freagracht agus oibriú as a stuaim féin

Aidhm an Pholasaí

- Chun a chinntiú go mbeidh córas ar bun sa choláiste chun tús áite a thabhairt don bhfolláine
- Ionas go mbeadh an daltaí folláin, fisiciúl agus gníomhach, sóisialta, slán, muiníneach, dearfach faoin bhfoghlaim
- Ionas go mbeadh na daltaí spioradálta iontu féin, freagrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid
- Scileanna féin smacht a fhorbairt sna daltaí

Ról agus Freagracht

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an bpolasaí a dhearbhú agus tá foireann uile an choláiste freagrach as an bpolasaí a chur í ngníomh go laethúil.

Ról na nDaltaí

- A bheith páirteach in imeachtaí an choláiste, istigh agus lasmuigh don seomra ranga
- A bheith freagrach i gcónaí
- Meas a léiriú ar an éagsúlacht agus orthu féin
- A bheith féin mhuiníneach
- Meas agus tuiscint a bheith acu ar theorainneacha

Ról na Múinteoirí & an fhoireann tacaíochta

Aithníonn an coláiste ról na múinteoirí agus feitheoirí i bhforbairt agus caomhnú an polasaí folláine. Aithníonn an coláiste príomh chuspóir mhúinteoirí ó thaobh múineadh agus foghlaim de agus an ról lárnach atá acu daltaí a spreagadh agus a mhúscailt i leith na folláine. Aithníonn an coláiste an ról lárnach atá ag foireann tacaíochta an choláiste ó thaobh an cúram an traenáil agus an treoir a chuirtear ar fáil do gach dalta ó thaobh féin chúram, sláinte coirp agus aigne agus folláine.

Ról na Múinteoirí Ábhair

Nasc Traschuraclaim

Gaeilge	• Léitheoireacht – mar chaitheamh aimsire • Ceapadóireacht • Ceol – amhráin &rl • Comhrá
Béarla	• Comhrá- téarmaí faoi sláinte • Réiteach fadhbanna
Mata	• Aigne, deirtear go bhfuil Sudoku go maith don inchinn • Muinín – ó lá go lá ag déanamh tascanna m.sh. ag ceannach rudaí sa tsiopa - an bhfuil, a dhóthain airgead agam – cén sóinseáil a bheadh agam • Féin mhuinín a chothú / tomhas agus meá
Fraincis	• Le sport – buntáistí & mí bhuntáistí • Aiste bídh - comhairle

	• Saol sláintiúil – comhairle – altanna le léamh faoi • Strus – le scrúdaithe, scoil, an saol ginearálta • An tábhacht a bhaineann le moráltacht • Cairdeas • Caitheamh aimsire • Caidreamh sa chlann
Stair	• Dearadh daoine • Sláinte & leigheas & Eolaíocht thar na blianta • Creidimh & stair chreidimh thar na blianta • Caitheamh aimsire i rith na blianta • Ealaín – Stair na hEalaíona
Tír Eolas	• Timpeallacht – ar leibhéal áitiúil agus domhanda. • Taisteal go maith do mheon agus aigne an duine.
Eolaíocht	• Bitheolas - sláinte coirp, Géineolaíocht • Ceimic – glár éagsúla, ceimicí dainséaracha • Radaíocht, uisce – timpeallacht • Teocht, brú fola, aclaíocht, luas. • Luasghéarú • Solas, radharc na súl, • Fuaim – an éisteacht, leibhéal déineacht fuaim • Radaíocht – Baol a bhaineann lei
Eacnamaíocht Bhaile/ OSPS	• Meabhair agus sláinte, neamhspleáchas • Meas ar an éagsúlacht, féin mheas, neamhspleáchas • Pirimid an bhia • Traidisiún itheacháin i dtíortha eile – cultúr eile
Gnó/ Staidéar Gnó	• Caighdeán Maireachtála • Riachtanais / Éileamh / Soláthar • Buiséadaí
Ealaín	• Cruthaitheacht (le smaointe) • Meas ar daoine sa rang • Gach duine difriúil • Cinneadh a dhéanamh mar gheall ar téama • Féin mhuinín toisc go bhfuil obair mhaith déanta acu
Ceol	• Ag canadh- taitneamhach • Crop- análú agus éisteacht • Cruthaitheacht
OSSP	• Leithcheal, Bulaíocht 7rl • Cearta & Freagrachtaí • Maoirseacht • Teagasc Críostaí / OSPS / Tír Eolas / Stair

Ról foireann an choláiste

Tacaíonn foireann an choláiste leis an bpolasaí seo tré;

1. Timpeallacht taitneamhach compordach agus spreagúil a chuir ar fáil
2. Teacht gach dalta ar raon caitheamh aimsire gníomhach agus éagsúil
3. Cinntiú go bhfuil gach dalta ag glacadh páirt agus san áireamh i gcónaí
4. Raon bide folláin a sholáthar agus freastal cóir a dhéanamh ar riachtanais bídhe gach dalta
5. Deis a thabhairt do ag gach dalta sos a thogaint agus scíth a ligint
6. Coladh sámh agus torthúil a spreagfadh sláinte coirp agus intinne
7. Teorainneacha a thuigeann gach ball de phobal an choláiste

Ról na dtuismitheoirí

Déanfar comhoibriú na
a spreagadh agus a mhúscailt trí chumarsáid leis an bpríomhoide agus múinteoirí tacaíochta foghlamtha tríd na cruinnithe múinteoirí agus le litreacha. Bíonn cruinniú tuismitheoirí / múinteoirí uair sa bhliain ina ndéantar dul chun cinn an scoláire a phlé. Ta teagmháil leanúnach idir bainistíocht agus foireann an tí inar pléitear

Bord Bainistíochta

- An Bord Bainistíochta a dheineann bainistiú thar cheann na scoile. Aithníonn an scoil ról an Bhoird Bainistíochta i bhforbairt agus i bhfeidhmiú an pholasaí.
- Déantar forbairt ar gach polasaí fé údarás an Bhoird agus is le húdarás an Bhoird a chuirtear i bhfeidhm gach polasaí.

Bord na Stiúrthóirí/Iontaobhaithe

- Is é an Bord Stiúrthóirí a dheineann stiúir ar Coláiste Íde. Aithníonn an coláiste ról na Stiúrthóirí i bhforbairt agus feidhmiú an pholasaí.
- Déantar forbairt ar gach polasaí fé údarás an Bhoird agus is le húdarás an Bhoird a chuirtear i bhfeidhm gach polasaí.

Acmhainní

- Jigsaw
- Tony O Carroll- Alcól agus drugaí
- Jane Lewis- Oideachas Caidrimh agus Gnéasach
- Aware
- *Kerry Rape Crisis*
- Seamus Whitty- *Kerry Life Skills*
- Dr. Maureen Griffin
- Scileanna Staidéir
- Cúrsa Cinnireachta
- Ceardlann Ealaíne
- Spórt / Corp Oideachas
- Múinteoir Treoir Ghairme
- Na coistí éagsúla
- Club Siúlóide
- Imeachtaí spioradálta, An Sagart
- Cuan - Seirbhís Comhairleoireachta do dhéagóirí
- Ócáidí Shóisialta dírithe ar chairdeas agus sóisialú
- Clár caitheamh aimsire

Plean Gníomhach

Meán Fómhair	Clár ionduchtú Bliain 1 Aifreann tús na bliana Leabhrán Comhairle na Macléinn Cluichí spóirt Na hanamchairde Ranganna O.S.P.S Cór na Scoile
Deireadh Fómhair	Seachtain Folláine 1* Seo Tálann Ceoil Coisir Oíche Shamhna
Mí na Samhna	Cúrsaí Spioradálta Grúpa Ceirde- Rang Eacnamaíocht Bhaile Crann na Marbh
Mí na Nollag	Ceiliúradh na Nollag Daidí na Nollag rúnda Searmanas na gCribeanna Cuairt a thabhairt ar tigh na sean daoine Crib na Nollag sa Séipéal Dinnéar na Nollag

Mí Eanáir	Lá gan caint Cúrsaí Spioradálta Seachtain na Scoileanna Caitliceacha Lá culaith oíche
Mí Feabhra	Lá Fhéile Bríde Seachtain Folláine 2* La cairdeas Comórtas Filíochta/ Ealaíne – téarma an ghrá
Mí Márta	Imeachtaí Seachtain na Gaeilge Ceardlann rince sean nós Díospóireachtaí Tráth na gceist Aoi chainteoirí Comórtas seanfhocail An dán is fearr liom Crosfhocail
Mí Aibreán	Postairí na Cásca Feachtas Trócaire/ Trad4Trócaire
Mí Bealtaine	Altóir Bealtaine Lá Spóirt Aifreann Deireadh na bliana An Lá / An Slán Duaiseanna deireadh na bliana